6 Aibreán 2018

Eisíodh cinneadh d'iarratas d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh forbairt cónaithe ar an taobh thoir de Choláiste Naomh Póil, Bóthar Chnoc Shibéal, Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath 5.

Tagairt Cáis: 300559-18

Tá An Bord Pleanála tar éis cead pleanála a thabhairt le haghaidh forbartha beartaithe, faoi réir 24 coinníoll, ina mbeidh 536 ionad cónaithe (104 teach agus 432 arasán) iarratas mar a bhí déanta ag Crekav Trading GP Teoranta ar thailte ar an taobh thoir de Choláiste Naomh Póil, Bóthar Chnoc Shibéal, Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath 5.

Cuireadh an t-iarratas chuig an mBord Pleanála ar an 22 Nollaig 2017 agus rinneadh cinneadh air ar an 3 Aibreán 2018. Bhí sé seo roimh an spriocdháta, 23 Aibreán 2018.

Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.
Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird ar fáil mar seo a leanas:

- Ordú Boird
- Treoir an Bhoird
- Tuairisc an Chigire

Is féidir eolas mionsonraithe d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanala.ie/index_ga.htm. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.